



Sonraí Teanga a Roinnt ar Stáisiún Athsheachadta Náisiúnta na hÉireann

Cad é tionscadal Bhonneagar Acmhainní na dTeangacha Eorpacha (ELRI)?

Tionscadal atá maoinithe ag an AE atá san ELRI (*European Language Resource Infrastructure*) a thugann an deis dóibh siúd atá ag obair sa riarachán poiblí ar fud an AE sonraí teanga a thiomsú agus a roinnt trí ardán tiomnaithe ar líne i mballstát an duine féin. “Stáisiún Athsheachadta Náisiúnta” (SAN) a thugtar ar na hardáin sin.

Cad is sonraí teanga ann?

Sonraí teanga a thugtar ar aon téacs scríofa i bhfoirm dhigiteach (i.e. is féidir teacht air ar an ríomhaire). Is féidir leis a bheith dátheangach (e.g. doiciméid i nGaeilge mar aon le leagan Béarla) nó aonteangach (e.g. téacs i nGaeilge amháin).

Cad chuige ar mhaith linn go roinneá do shonraí teanga?

Nuair a roinneann tú sonraí teanga, tá tú ag cur feabhas le seirbhísí aistriúcháin poiblí na Gaeilge agus ag cinntiú go gcuirfead **níos mó seirbhísí poiblí ar fáil i nGaeilge, go náisiúnta agus san Eoraip**. Cuirtear le láithreach na Gaeilge sa saol poiblí mar thoradh air sin agus cruthaítear “lorg

digiteach” níos treise dár dteanga náisiúnta.

Chomh maith leis sin, beidh tú ag cur le forbairt *eTranslation* – córas ríomhaistriúcháin atá ar fáil cheana le húsáid sa riarachán poiblí ar fud na hEorpa. Dá mhéad sonraí maithe a thugtar don córas seo mar “oilíúint” is ea is “ciallmhaire” a éiríonn sé i mbun aistriúcháin. Mar sin, trí do sonraí teanga a uaslódáil go dtí SAN na hÉireann go rialta tá tú ag cinntiú go bhfuil aistriúcháin Ghaeilge **eTranslation ag éirí níos fearr agus níos cruinne i gcónaí**. Murab ionann agus na seirbhísí aistriúcháin saor in aisce ar líne, tá córas *eTranslation* á oilíúint go háirithe ar sonraí a bhaineann leis an riarachán poiblí. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé i bhfad níos ábalta dul i ngleic leis na cineálacha téacsanna atá tábhachtach duitse.

Cén cineálacha téacsanna atá oiriúnach le roinnt?



Liosta samplach de na cineálacha téacsanna a d’fhéadfaí a roinnt atá thíos. B’fhéidir go bhfuil go leor díobh seo á nginiúint go rialta agat cheana:

- ✓ Preasráitis, Tuarascálacha Bliantúla
- ✓ Doiciméid Bheartais, Téarmaí Seirbhíse, polasaithe agus cur chuige Acmhainní Daonna etc.
- ✓ Inneachar ó shuíomhanna gréasáin
- ✓ Treoirleabhair, bróisiúir, fógráin, foirmeacha
- ✓ Nuachtlitreacha
- ✓ Aon doiciméad eile a bhfuil leagan Gaeilge agus Béarla de ar fáil

Cad iad na formáidí comhaid is féidir a uaslódáil go dtí an SAN?



Tá an SAN ábalta réimse leathan comhad a phróiseáil, mar atá:

1. Comhaid Téacs Microsoft Word agus OpenDocument (.doc, .docx, .odt, .rtf)
2. Comhaid Microsoft Excel (.xls, .xlsx)
3. PDFanna (.pdf)
4. Comhaid Ghnáth-théacs (.txt, .xml, .tbx)
5. Comhaid Cuimhne Aistriúcháin (.tmx, .sdltm)
6. Comhaid ZIP (.zip)

Cé a bhfuil fáil acu ar na sonraí a roinneann tú?

Is fút féin é cé a bheidh in ann teacht ar do chuid sonraí. Tá trí ghrúpa réamhshocraithe ar féidir leat do sonraí a roinnt leo:



1. **Eagraíochtaí Náisiúnta** (gach úsáideoir cláraithe de chuid an SAN)
2. **Eagraíochtaí Náisiúnta agus an Coimisiún Eorpach** (gach úsáideoir cláraithe de chuid an SAN agus an Coimisiún Eorpach amháin)
3. **Sonraí Oscailte** (gach úsáideoir cláraithe de chuid an SAN agus gach úsáideoir den ardán Sonraí Oscailte de chuid an Aontais Eorpaigh)

Más gá roinnt níos srianta a dhéanamh ar acmhainní áirithe, cuirfead gach fáilte romhat dul i dteagmháil le foireann an ELRI chun é sin a shocrú.

Do shonraí a réiteach



Cruthaigh comhad tiomnaithe san obair inar féidir leat féin agus do chomhghleacaithe sonraí teanga a shábháil go rialta mar ghnáthchleachtas – comhad ar thiomántán roinnte, mar shampla. Sa tslí sin, nuair atá sé in am sonraí a uaslódáil go dtí an Stáisiún Athsheachadta Náisiúnta beidh sé furasta teacht ar na comhaid arís agus beifear in ann iad a uaslódáil in aon ghabháil amháin



Cinntigh go bhfuil an leagan Gaeilge de théacsanna sábháilte i gcomhad amháin agus an leagan Béarla sábháilte i gcomhad eile



Cinntigh nach bhfuil aon eolas pearsanta fágtha sna téacsanna a roinneann tú. D'fhéadfaí duine aonair a aithint nó a bheith inaitheanta sa chás sin. Mura bhfuil tú cinnte, cuir ceist ar bhainisteoir nó téigh i dteagmháil le foireann ELRI



Níl aon srian ama maidir le roinnt – is féidir ábhar a roinnt am ar bith atá oiriúnach duitse agus/nó do do chomhghleacaithe. Ciallaíonn sé sin go bhfuil sé furasta cúpla nóiméad a chur i leataobh uair sa tseachtain nó uair sa mhí – cibé rud a oibríonn – chun logáil isteach agus do shonraí a roinnt



Beidh na sonraí a uaslódáilann tusa agus na rannpháirtithe eile go dtí an SAN, ach iad a fhoilsiú ag foireann an ELRI, ar fáil ansin le híoslódáil mar chomhad Cuimhne Aistriúcháin (.tmx) – mar sin má oibríonn tú le huirlisí cuimhne aistriúcháin (e.g. Trados, MemoQ, etc.) is féidir leat na huirlisí sin a fheabhsú leis na sonraí a íoslódáilann tú ón SAN.

Ná déan dearmad – le gach comhad a uaslódáilann tú tá tú ag cur le láithreach na Gaeilge sa saol poiblí, tá tú ag cur díothú digiteach na Gaeilge ó dhoras, agus tá tú ag cur le caighdeán na seirbhísí aistriúcháin duit féin agus do dhaoine eile atá ag obair sa riarachán poiblí in Éirinn. Ní hamháin sin, ach tá tú ag tacú le ballstáit an AE ag oibriú i bpáirt agus ag comhoibriú le chéile inár dteangacha éagsúla féin.

Go raibh maith agat as páirt ríluachmhar a ghlacadh i dtionscadal ELRI!

<https://elri.dcu.ie>

An raibh a fhios agat gur féidir leat iliomad comhad a uaslódáil go dtí Stáisiún Athsheachadta Náisiúnta na hÉireann (suas le **100MB** in aon iarracht)?!

Ciallaíonn sé sin gur próiseas breá tapa agus éasca é do chuid sonraí a uaslódáil

Contacting the ELRI team

The ELRI team are located in the ADAPT Centre, Dublin City University (DCU) and can be reached by emailing elri@dcu.ie. You can find us on Twitter at <https://twitter.com/ELRIEireann>



An Roinn Cultúir,
Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture,
Heritage and the Gaeltacht

